

## Teagmháil Phaidriúil leis An Naíonán Beannaithe: Athchuart ar Charúl le hAodh Mac Aingil

Marie Whelton,  
Institiúid Oideachais Marino

### Réamhfhocal

Is éard atá sa pháipéar seo ná athchuart ar charúl iomráiteach le hAodh Mac Aingil († 1629): ‘Dia do bheatha, a naoidhe naoimh.’<sup>1</sup> Is tráthúil an athchuart sin a thabhairt i mbliana, 400 bliain ó bunaíodh Coláiste San Antaine sa Lobháin. Tá go leor scoláirí eile<sup>2</sup> tar éis plé a dhéanamh ar an gcarúl seo, cheana féin, ach is fiú filleadh air arís i bhfianaise na léargas atá ag teacht chun cinn faoin apastróf í bhfilíocht na Gaeilge. Tá aitheanta ag scoláirí éagsúla<sup>3</sup> gur filíocht apastrófach í filíocht na mbard ó bhonn agus, dá bhrí sin, glactar leis go soilsíonn teoiricí éagsúla faoin apastróf gnéithe tábhachtacha den fhilíocht chlasaiceach. D’áiteoinn go bhfuil mórchlaonadh, ní hamháin i bhfilíocht na mbard i dtreo na hapastróife, ach go bhfuil bonn apastrófach le méid suaithinseach d’fhilíocht na Nua-Ghaeilge trí chéile. Trí earraíocht a bhaint as fráma tagartha na hapastróife déanfar iarracht solas nua a chaitheamh ar an sean-charúl. Ó thaobh cur chuige de, is í an ghrinnléitheoireacht théacsúil a bheidh in úsáid san anailís, grinnléitheoireacht a dhíreoidh ar an gcomhoibriú a dhéanann an t-ábhar agus an fhoirm apastrófach le chéile sa dán, ach, sula bhféachfar ar an dán féin, tá dhá rud le déanamh: ar dtús, tabharfar comhthéacs don anailís trí roinnt sonraí faoi chúlra na filíochta cráifí sa seachtú haois déag a dhearadh agus, sa dara háit, míneofar an téarma ‘apastrof.’

<sup>1</sup> Mhág Craith, C. (eag.), *Dán na mBráthar Mionúr*, Cuid I, Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath, 1967, uimhir 30, (noda: *Dán na mBr*).

<sup>2</sup> Feic go háirithe: Ó Háinle, 1978, 61 agus Ó Dúshláine, 1987, 173.

<sup>3</sup> Tá aitheanta ag Leerssen agus é ag tarraingt ar thaighde Simms (Simms, 1987, 71) gur filíocht apastrófach í filíocht na mbard ó bhonn. San fhilíocht sin, dar leis, labhraítear i gcónaí le ‘*destinataire*’ éigin: ‘The type of bardic poetry on which the participants in the Contention drew is always addressed to someone. Such poetry may be religious in nature, addressing God or the Virgin Mary. It may be nature-poetry, addressing a river, a landscape or a bird. However, the usual variety addresses chiefs or princes, in encomiastic, exhortatory or elegiac terms. Formal bardic poetry by definition worked by apostrophizing a specific *destinataire*’ (Leerssen, 1994, 65).

### **Filíocht Chráifeach an tSeachtú hAois Déag: Filí agus Comhthéacs**

Ó aimsir Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird (†c.1630) ar aghaidh tháinig flosc d'fhilíocht chráifeach ó phinn fhilí na linne. Ar na filí ba thábhachtaí, bhí Eochaidh Ó hEodhasa (†1612), muintir Mhic an Bhaird,<sup>4</sup> muintir mhic Dáire Mhic Bhruaideadha,<sup>5</sup> Aonghus Fionn Ó Dálaigh (†c.1601), Eoghan Ó Dubhthaigh (floruit c.1590) chomh maith le Giolla Brighde Ó hEodhasa (†1614) agus Aodh Mac Aingil (†1626). D'fhéadfaí cur leis an liosta sin agus filí móra mar Phádraigín Haicéad (†1654), mar Aogán Ó Rathaille (†c.1726) agus mar Dháibhí Ó Bruadair (†1698) a lua freisin. An ghné is túisce a thabharfaí faoi deara faoin liosta ná líon na cléire a bhí chun tosaigh i gcúrsaí litríochta.<sup>6</sup> Ní hamhlaidh a bhí aimsir na mbard, ar ndóigh, agus scarann an fhilíocht chráifeach lena hoidhreacht mheánaoiseach ar bhealaí tábhachtacha. Sin ráite, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil leanúnachas áirithe idir filíocht chráifeach an tseachtú haois déag agus filíocht dhiaga na scol.

Is fiú tosú mar sin le roinnt pointí i dtaobh fhilíocht na mbard. Ar an iomlán<sup>7</sup> is caidreamh míshocair a bhíodh ann idir an chléir agus na filí saolta anuas, is cosúil, go haimsir Philib Bhoicht Uí hUiginn, an Proinsiasach a mhair ag deireadh an chúigiú haois déag. 'Ba gheall le réamhtheachtaí é' siúd 'ag na Proinsiasaigh Bonaventura Ó hEoghusa, Aodh Mac Aingil agus Flaithrí Ó Maol Chonaire i gColáiste na nGael sa Lbháin i dtús an tseachtú haois déag.'<sup>8</sup> Toisc nár chléirigh iad filí an dáin dhírigh, ar an iomlán ní le guth oifigiúil na heaglaise a labhair siad agus is minic a bhíonn míchruinneas diagachta ina gcuid filíochta. Níos mó den dogmatachas ná den deabhóid phearsanta atá i ndánta na scoileanna.<sup>9</sup> Shonraigh príomheagarthóir na filíochta seo, an tAth. Mac Cionnaith, go raibh cáilíocht shaorga ag gabháil léi<sup>10</sup> mar fhilíocht dhiaga agus in aiste spéisiúil ar an bpágántacht agus an Chríostaíocht san fhilíocht chéanna d'áitigh Ó Madagáin gurb é an míshuaimhneas idir luachanna an laochais agus luachanna na Críostaíochta a bhí taobh thiar den tsaorgacht sin.<sup>11</sup> Ar na gnéithe is mó a sheasann amach faoi

<sup>4</sup> Fearghal Óg († 1616), Diarmaid (floruit c.1602), Gofraidh Mac Briain (floruit c. 1600) agus Laoiseach (floruit c. 1601).

<sup>5</sup> Dónall (floruit c. 1580) agus Tadhg (†c.1624).

<sup>6</sup> Feic: Ó Háinle, 1978, 61.

<sup>7</sup> Simms, 1994, 21-36.

<sup>8</sup> Simms, 1994, 33.

<sup>9</sup> Williams & Ní Mhuiríosa, 1979, 188: 'Tá saothar diaga na bhfilí seo neamhchosúil ar fad leis an tseanfhlíocht dhiaga a cumadh in Éirinn sular tháinig na Scoileanna i réim. Is follas go raibh eolas ag na filí ar a lán den litríocht dhiaga a bhí á cumadh ar an Mór-Roinn ón 13ú haois anuas (Quiggin, E., *Prolegomena to the Study of the Later Irish Bards*, 33 luaite anseo), ach láimhsigh siad an t-eolas sin ar a mbealach féin. Is beag rian den úire, den tsimplíocht ná den deabhóid dhíograiseach atá le fáil ina gcuid dánta ach ceisteanna achrannacha diagachta á suaitheadh agus á lúbadh go cliste iontu...Is annamh, áfach, a nocht siad an grá dúthrachtach agus an deabhóid shimplí atá le fáil chomh minic sin i litríocht na meánaoise i gcoitinne.'

<sup>10</sup> McKenna, 1922, x-xi.

<sup>11</sup> Ó Madagáin, 1988, 164.

fhilíocht na scol tá an cur amach teoranta a bhí ag na filí ar na Scrioptúir.<sup>12</sup> Tuairimíonn Ó Fiannachta gur ag tarraingt as Cré na nAspal a bhí na filí seachas as na scrioptúir féin go minic.<sup>13</sup> Ina theannta sin tháinig siad ar lón fileata i ndánta na Moch-Ghaeilge agus sa stóras ollmhór d'fhinscéalta Críostaí, idir fháthscéalta na Mór-Roinne agus fhinscéalta Éireannacha chomh maith le scéalta apacrafúla.<sup>14</sup> Fuair mistéir na Tríonóide, gaol Mhuire le pearsana na Tríonóide, breith agus páis Chríost agus Lá an Bhrátha áit lárnach sna dánta. Ó thaobh foirme de, tá go leor de na dánta diaga i bhfoirm phaidreacha agus labhraíonn na filí go díreach le Dia, le Muire agus leis na naoimh iontu. Cé gurb í tarchéimnitheacht Dé is mó a bhí sa treis sa bhairdne, is cinnte gur fhéach na filí ar Dhia mar chineál ollphátrúin a thabharfadh tabhartais dóibh i lógh a gcuid dánta.<sup>15</sup>

Ba thréimhse chorrach, ó thaobh cúrsaí polaitíochta agus creidimh de, na blianta iar-*Renaissance* idir 1550 agus 1650 – tréimhse chorrabhuaiseach ní hamháin in Éirinn ach san Eoraip, freisin. Ní haon ábhar iontais é go dtiocfadh claochlú suntasach ar théamaí agus ar stíl na filíochta de bharr chior thuathail na linne. Is é Tadhg Ó Dúshláine is mó atá tar éis comaoin a chur ar an tuiscint atá againn ar an gclaochlú sin a tharla i bhfilíocht chráifeach na Gaeilge ag tús an tseachtú haois déag. Sonraíonn sé an nóta éadóchasach, an bhéim ar an aithrí agus ar bhaois an tsaoil agus téama an bháis i measc na dtéamaí is tábhachtaí a tháinig chun cinn san fhilíocht. Dála fhilí na hEorpa trí chéile, tháinig na filí Gaelacha go mór faoi thionchar na nua-dhiagachta iar-Thriontaí. Is féidir bunús na nua-dhiagachta a riaradh siar go teacht chun cinn an *Devotio Moderna*; gluaiseacht dheabhóideach a tharla i measc na misteach caitliceach agus a d'fhéach le spioradáltacht a bheadh níos daonnaí ná loighiciúlacht na diagachta Tómaí a chur ar fáil do na fíréin. Ar ndóigh bhí go leor fórsaí eile, leis, a chinntigh gur tháinig an deabhóid phríobháideach seo chun treise; cuid den bhorradh in aghaidh pháigántacht agus dhaonnachas na hAthbheochana<sup>16</sup> a bhí ann. Ach ba é an Leasú Protastúnach a chuir iachall ar an Eaglais tabhairt go sistéimeach faoin dúshlán ollmhór sin a thug

<sup>12</sup> McKenna, 1922, x: 'Very remarkable is the limitation, common to all the poems of this collection (and indeed, as far as I know, to all such poems), as regards the portions of the Scripture narrative laid under contribution. References to the Incarnation and the Child-life of Our Lord, to His Last Supper, His Passion, His Resurrection, His Descent into Hell, His Coming on the Last Day are constant; on the other hand...there is no reference to His public life, His miracles, parables and teachings.'

<sup>13</sup> Ó Fiannachta, 1994, 45: 'Ní bhacann na filí le saol poiblí ár dTiarna. Cloíonn siad go léir leis an ábhar atá sna hairteagail seo gan dul puinn i muinín na soiscéal. B'fhéidir gurbh é Cré na nAspal an barántas a bhí acu chuige sin.'

<sup>14</sup> McKenna, 1922, xi.

<sup>15</sup> Feic: Williams & Ní Mhuiríosa, 1979, 187 agus an dán cáiliúil le Giolla Brighde Mac Con Midhe ina lorgaíonn sé mac ó Dhia i lógh a dháin.

<sup>16</sup> Is é Erasmus mórscribhneoir an *Renaissance* agus go híorónta, b'fhéidir, tagann a chuid teoiricí faoi thábhacht lárnach an Bhíobla leis na teoiricí a tháinig chun tosaigh sa *Devotio Moderna* sa mhéid gur malairt den diagacht Thómach a bhí á soláthar aige agus sa mhéid gur ag baint de cheannas na hEaglaise a bhí sé.

an daonnachas céanna do theagasc na hEaglaise ar deireadh. Cónascadh sásúil de shaíocht na hAthbhaochana agus de thraidisiún na heaglaise a bhí sa nua-dhiagacht Chaitliceach iar-Thriontach. Ba sna nua-choláistí sagartóireachta ar an Mór-Roinn a cuireadh an nua-dhiagacht seo chun cinn agus, diaidh ar ndiaidh, d'fhág an ghluaiseacht chráifeach a rian ar litríocht na hEorpa trí chéile.

Is i bhfoirm modhanna urnaí, agus go háirithe i gcleachtadh na míúine, is mó a scaipeadh an nua-dhiagacht. Ba é Iognáid Loyola a sholáthar lámhleabhar na míúine (an *Exercitia Spiritualia*). Sa leabhar sin, rinne sé cur síos ar a chuid cleachtaí spioradálta. Tá ról lárnach ag an gcuimhne agus ag an tsamhlaíocht araon sna cleachtaí agus is é cothú na deabhóide an aidhm is mó a bhíonn acu. Mar seo a chuireann Heelan síos ar thábhacht na samhlaíochta iontu:

...The “powers of imagining” consist in calling on the sensuous imagination with great intensity...in order to *reenact*, as it were, in one’s own life the symbolic narratives of the past, so as to feel the affects of one’s imagined present participation in the lives and events...of the founder of Christianity and of his disciples.<sup>17</sup>

Cúrsa spioradálta míosa is ea an cúrsa spioradálta Iognáideach. Bíonn ábhar ar leith míúine ar ghnéithe lárnacha den chreideamh Críostaí le haghaidh gach seachtaine sa mhí agus bíonn cleachtaí áirithe le déanamh i rith an lae. Go hiondúil gabhann trí chéim le modheolaíocht na gcleachtaí laethúla sin. Ar dtús tá na céimeanna ullmhaitheacha, sa dara háit tá an mhíúin féin agus críochnaítear le comhráite (*colloquies*) ina labhraítear le Dia.<sup>18</sup> Is fiú féachaint go mion ar na céimeanna sin óir go n-áitíonn Ó Dúshláine go raibh tionchar ag teagasc an Íosánaigh Spáinneach, Louis de la Puente (1619),<sup>19</sup> ar an dán a bheidh faoi scrúdú againn.

Osclaíonn an chéad chéim le paidir agus i ndiaidh na paidre tagann an *compositio loci* cáiliúil ina gcruthaíonn an paidreoir an suíomh. Le súile na samhlaíochta ní mór don phaidreoir íomhána coincréiteacha a shamhlú a thabharfaidh suíomh soiléir don mhíúin ar fad. Más é breith Chríost ábhar na míúine, mar shampla, níor mhór an stábla a shamhlú agus an naíonán ina luí sa mhainséar. Tar éis an ghnímh shamhlaíochta sin guíonn an paidreoir ar Dhia arís.

Sa mhíúin féin smaoiníonn an paidreoir ar phointí ar leith faoi ábhar na míúine, pointí atá áirithe ag Iognáid agus déanann an paidreoir anailís agus machnamh orthu. Táthar ag súil go mbogfadh an paidreoir ón gcuimhne go dtí an tuiscint sa

---

<sup>17</sup> Heelan, 1986, x.

<sup>18</sup> Martz, 1954, 27.

<sup>19</sup> Feic: Ó Dúshláine, 1987, 176.

chéim sin, agus ansin go mbeidh éifeacht ag an tuiscint ar thoil an phaidreora agus dá réir ar a iompar morálta.

I ndiaidh na míúine, tagann na comhráite. Críochnaíonn gach cleachtadh leis na comhráite. Is í an chéim dheireanach sin buaic<sup>20</sup> na míúine ar fad ina labhraíonn an paidreoir go díreach le Dia, le Muire nó leis na naoimh.<sup>21</sup> Gnáthchaint atá i gceist agus ní foláir don phaidreoir labhairt amhail is go bhfuil sé ag caint le cara; iarrann sé gar, lorgaíonn sé comhairle agus tugann sé eolas pearsanta faoina shaol féin.

Pósadh den mhíúin agus den fhilíocht atá i bhfilíocht chráifeach na Gaeilge sa seachtú haois déag.<sup>22</sup> Ní hé sin le rá go mbíonn na céimeanna sin ar fad atá díreach luaite le feiceáil ar na dánta ach is léir go raibh tionchar ar leith ag an teagasc lognáideach ar fhilíocht áirithe.

Gné a sheasann amach ón tsúilfhéachaint thuas ar na cleachtaí ná go bhfuil áit lárnach ag an nguth paidriúil apastrófach dírithe ar Dhia i modheolaíocht na míúine. Tá áit fhoirmeálta ag an nguth apastrófach sin go háirithe ag tús na míúine agus arís sa chuid dheireanach. Is fiú, mar sin, focal a rá faoin ngné stíle sin, mar is gné stíle í a mbaineann an t-údar leas aisti ó thús deireadh an dáin a bheidh faoi scrúdú sa dara leath den pháipéar thíos.

Téarma Gréigise is ea an téarma apastróf a thagraíonn d'aon chasadh ón lucht éisteachta i dtreo duine nó fiú amháin i dtreo rud ar leith. Is iad an gairmeach, an t-ordaitheach agus an dara pearsa a sainchomharthaí agus tá claonadh suaitheanach i dtreo na teicnícíochta seo i bhfilíocht na Gaeilge trí chéile.

---

<sup>20</sup> Ní hamháin sa scríbhneoireacht lognáideach a fhaightear an tuairim sin faoin gcomhrá sa mhíúin. Glactar leis go bhfuil príomhról ag an gcomhrá paidriúil sa mhíúin sa scríbhneoireacht dheabhóideach i gcoitinne. Agus é ag tagairt do mhodheolaíocht na míúine i scríbhneoireacht *Treasa d'Avila* tugann Rohrbach (1980, 25) 'the principal part of meditation' ar an gcuid sin. Bogadh ón tríú pearsa go dtí an dara pearsa atá ann dar leis: 'In the preceding step, the scene was examined objectively in a consideration of Christ in the third person – He did this, He suffered that; here Christ is approached in the second person – You did this, You suffered that. The soul talks to Christ easily and without strain, in much the same manner as we would address one of our close friends.' (Rohrbach, 56).

<sup>21</sup> Is iomaí comhchainteoir a d'fhéadfadh a bheith ag an bpaidreoir sa chéim seo. Luann Martz (1954, 37) Proinsias de Sales arís: '...it is good to use colloquies, or familiar talke, as it were sometime with God our Lord, sometime with our blessed ladie, with the Angels, and persons represented in the mysterie which we meditate, with the Saints of heaven, with our selves, with our own hart, with sinners, yea and with insensible creatures.'

<sup>22</sup> Martz, 1954, 22: 'Poetry and meditation are by no means synonymous; and yet there is, I believe, a middle ground of the creative mind in which the two arts meet to form a poetry of meditation.'

Sa phlé a dhéanann criticeoirí ar an apastróf ardaíonn siad ceisteanna spéisiúla faoin ról a shamhlaítear don léitheoir nó don lucht éisteachta i ndánta apastrófacha. Sa dán a bheidh faoi chaibidil thíos, mar shampla, is cosúil go ndéantar cúléisteoir as an léitheoir, ciallaíonn sé sin gur cúléisteoirí ar theagmháil phaidriúil an chainteora leis an osnádúr atá ionainn agus sinn ag déanamh staidéir ar an dán. Tá an méid sin suntasach go háirithe toisc go nglactar leis an dán mar dhán teagascach. Más dán teagascach é, cuirtear an múineadh sin os comhair an léitheora go léiritheach agus ní trí labhairt go díreach leis an lucht éisteachta ar bhealach comhairleach.

Ar ndóigh is é nádúr na paidre i gcoitinne a bheith apastrófach agus baineann gach creidmheach earraíocht as an bhfórrán sa ghairmeach agus an achainí chun a chaidreamh le Dia a fhorbairt.<sup>23</sup> Is í an diagaire Críostaí Catherine Pickstock is mó atá tar éis plé a dhéanamh ar an nguth apastrófach dírithe ar Dhia sa liotúirge. Is fiú dhá phointe dá cuid a lua anseo. Sa chéad áit, glacann sí leis gur nós dialógach atá san apastróf. Mar seo atá ag Pickstock:

The figure of apostrophe is...predicated upon a dialogic dynamic. It is not voiced into the void, but towards the ultimate source of the invoker's desires...In this way, one who calls upon God is one to whom God in turn speaks...<sup>24</sup>

Sa dara háit, ní hionann go baileach an caidreamh a chruthaítear le Dia, le cabhair na teagmhála apastrófaí, agus an gnáthchaidreamh daonna, cé gurb é an t-ollchaidreamh sin a thugann ciall dár gcaidreamh uile. Pickstock arís:

This supreme dialogic relationship shatters the protocols of all other relationships by taking place between the visible and the invisible, the present and the absent...and yet this radical and impossible relationship is nonetheless the condition of possibility for all other relationships...it is only this "absent" Thou which does not allow dialogue to be broken off, even though this means for us a dialogue of perpetual striving.<sup>25</sup>

Gabhann cráiteacht áirithe le haon teagmháil le Dia, mar sin, agus bíonn an chráiteacht sin le sonrú i ngnéithe téacsacha éagsúla:

---

<sup>23</sup> Dar le diagairí ar nós Saliers, ba chóir don diagacht ar fad claonadh i dtreo theanga an ghairmigh toisc go mbaineann aon tráchtairacht a dhéantar ar Dhia le réimse tnúthánach den teanga agus gurb é an gairmeach is mó a léiríonn an tnúthán sin (Saliers, 1988, 189-190): 'Theology belongs to a mode of understanding deeper than knowing by discursive reason alone. Since prayer is communion and dialogue, always involving a relatedness...theological thinking must exhibit the very nature of the relationship in which it approaches its object. Theology approaches its task by respecting and participating in the language of the vocative.'

<sup>24</sup> Pickstock, 1998, 197.

<sup>25</sup> Pickstock, 1998, 197.

The agony of apostrophic striving is evident...in...repeated attempts to be heard, and frequent withdrawals and interruptions...in a stammer which abruptly shifts from a mode of passionate doxology to melancholia...<sup>26</sup>

Is i gcomhthéacs na léargas sin ar an míúin agus ar an nguth apastrófach araon a fhéachfar ar an duan Nollag leis an diagaire cáiliúil.<sup>27</sup>

### **‘Dia do bheatha, a naoidhe naoimh’**

Tá an áit a fuair breith Chríost i bhfilíocht na mbard áirithe cheana féin againn. Ina réamhrá ar an aiste a scríobh Pádraig Breatnach<sup>28</sup> ar na scríbhneoirí Gaeilge sa Lobháin ag tús an tseachtú haois déag, luann sé duan Nollag spéisiúil a chum Sedulius Scottus timpeall seacht gcéad caoga bliain roimh aimsir Mhic Aingil. File ab ea Sedulius a chuaigh ar deoraíocht ó Éirinn go Liège sa Bheilg am éigin i lár an naoú haois. Sa Laidin atá an duan sin agus tá an t-easpag óna lorgaíonn sé pátrúnacht curtha i riocht Naomh Seosamh aige sa dán, agus is mar dhuine de na trí rithe ón oirthear a shamhlaíonn sé é féin. Is léir mar sin go raibh breith Chríost ina théama ag na filí i bhfad siar.<sup>29</sup>

Is iomaí tagairt a fhaightear do bhreith Chríost i bhfilíocht an tseachtú haois déag. Ní haon ionadh é sin, mar chuir an ghluaiseacht chráifeach Chaitliceach béim faoi leith ar dhaonnacht agus ar naíonacht Chríost chun cur in aghaidh theagasc lárnaigh na bProtastúnach go mba leor grásta Dé chun teacht ar an slánú.

---

<sup>26</sup> Pickstock, 1998, 197.

<sup>27</sup> Deirtear go raibh Aodh Mac Cathmhaoil chomh séimh san mar dhuine gur tugadh an leasainm ‘Aodh Mac Aingil’ dó (Williams & Ní Mhuiríos, 1979, 238). Rugadh é i Sabhall i gContae an Dúin sa bhliain 1571 agus fuair sé a chuid oideachais ar Mhanainn. Bhí sé mar oide ag páistí Iarla Thír Eoghain; Aodh agus Éinrí Ó Néill. Nuair a cuireadh Éinrí go dtí an Ollscoil i Salamanca sa bhliain 1599 chuaigh Aodh Mac Aingil in éineacht leis agus d’fhreastail siad beirt ar an Ollscoil le chéile. Sa bhliain 1603 a chuaigh sé isteach in Ord Naomh Proinsias agus oirníodh ina shagart é dhá bhliain ar aghaidh. Bhí páirt aige, i gcomhair le Flaithrí Ó Maolchonaire, i mbunú Choláiste na bProinsiasach sa Lobháin sa bhliain 1607. Chuaigh sé le múineadh na diagachta agus na fealsúnachta sa choláiste sin agus bhain sé cáil amach ar fud na hEorpa mar scoláire, go háirithe de bharr a shaothair ar an bhfealsamh Johannes Duns Scottus. Bronnadh ollúnacht diagachta air sa Róimh sa bhliain 1623 agus cé gur coisriceadh é ina Ardeaspag ar dheoise Ard Mhaca sa bhliain 1626 fuair sé bás sa Róimh sa bhliain chéanna sula bhfuair sé deis filleadh ar Éirinn. Is ansin in Eaglais San Isadóir atá sé curtha. Is é *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* a shaothar is tábhachtaí. Tá plé cuimsitheach déanta ag scoláirí éagsúla (Feic: Ó Dúshláine, 1987 agus Breatnach 1998, mar shampla) ar an mórshaothar sin. Ina theannta sin file ab ea Mac Aingil agus cuirtear ‘leathdhosaon de dhánta ina leith de ghnáth, agus is meadaracht an-scaoilte a chleachtann sé iontu’ (Breatnach, 1998, 148-149).

<sup>28</sup> Breatnach, 1998, 130.

<sup>29</sup> An téama céanna atá i gceist i ndán cáiliúil ón ochtú haois a chuirtear i leith Naomh Íte. Feic: O’ Dwyer, 1995, 58.

Tá dán Mhic Aingil ar sheoda an tseánra.<sup>30</sup> Ó thaobh struchtúir de is cóir an dán a dheighilt ina dhá leath. Deir Cathal Ó Háinle go gcuireann an chodarsnacht idir an chéad chuid agus an dara cuid go mór le héifeacht an dáin.<sup>31</sup> Leanann an chéad chuid ó rann 1 go rann 11 agus tá sé rann déag sa dara cuid. Féachfaimid ar an dá leath sin faoi seach anseo. Beidh sé soiléir go bhfuil streachailt réasúnaíoch fhilíocht na mbard le sonrú ar an gcéad chuid agus go bhfuil cleachtadh na míúine ina dhúshraith ag an dara cuid. Ní dóigh liom, áfach, go gcealaíonn an dara cuid an chéad chuid, ach go lonraíonn an dán ina iomláine éagsúlacht iontach na teagmhála a dhéanann gach paidreoir le Dia.

### **Rann 1-11**

Ó rann a haon go rann a cúig labhraítear go díreach le híosa amhail is go bhfuil sé i láthair. I bhfianaise an méid a luamar le Pickstock, síneann aon ghairmeach dírithe ar Dhia ar aghaidh go dtí an réimse aduain agus fós tugann sé le fios go gcreideann an cainteoir go bhfuil Dia i láthair agus gur féidir teagmháil a dhéanamh leis. Tá an láithreach agus an t-asláithreachas sin ina saintéamaí sa chéad chuid seo, agus tá an fhoirm apastrófach ag déanamh macalla ar na téamaí sin.

Músclaíonn an bheannacht fháilteach oscailteach ('Dia do bheatha') maorgacht an chomhchainteora, ach taobh le taobh leis an gcúirtéis sin tá peataireacht na suanraithe le léamh ar an téarma muirneach 'a leanbháin' sa dara rann (Dia do bheatha, a Naoidhe naoimh,/san mainséar do chlaon do chorp/gidh meadrach is saidhbheir Tú/'s glórmhar id dhún féin anocht.//A Naoidhe bhig atá mór/a Leanbháin óig atá sean,/san mainséar ní chuire a lán/gé nach bhfagha áit ar neamh).<sup>32</sup>

Tá an pharadacsúlacht chéanna le léamh ar an ngairmeach tríd an chéad chuid síos ('a Naoidhe naoimh,' 'a Naoidhe bhig atá mór,' 'a Leanbháin óig atá sean' 'a Mhic Dé,' 'a sheinMhic 's a óigMhic Dé'). Is ag déanamh iontais de mhíorúilt na tarchéimnitheachta agus an ionchollaithe atá an cainteoir agus ag bronnadh molta ar a chomhchainteoir diaga tríd an bparadacs. Tá rúndiamhaireacht agus daonnacht le haireachtáil, freisin, sa tslí a mbogann an cainteoir idir an forainm neamhfhoirmiúil 'tú' agus an forainm foirmiúil 'sibh,' agus sna réamhfocail 'do' agus 'díbh' (Ar neamh Dhíbh gan mháthair riamh;/gan athair 'nar n-iath anocht;/it fhírDhia riamh atá tú;/is id dhuine ar dtús anos//Ní sine th'Athair ná Sibh;/óige an mháthair, a Mhic Dé...).<sup>33</sup>

<sup>30</sup> Ógláchas ar Rannaigheacht mhór is ea an mheadaracht sa dán seo; bíonn comhfhuaim idir focal deireanach líne a agus focal i lár líne b; idir focal deireanach líne c agus focal i lár líne d; agus idir focal deireanach líne c agus a leithéid i líne d.

<sup>31</sup> Ó Háinle, 1978, 66-67.

<sup>32</sup> Dán na mBr, 154.

<sup>33</sup> Dán na mBr, 154-155.

Léiríonn na ceisteanna sa séú rann go bhfuil an cainteoir fós ag streachailt leis an mbunpharadacsá céanna. Tá ag teip ar an gcainteoir teacht ar thuiscint ar mhistéir an ionchollaithe – cumarsáid phaidriúil chráite le Dia na síoraíochta atá ag eascairt as an machnamh ar mhainséar an tslánaitheora. Ar thóir freagraí óna chomhchainteoir atá sé anois (Mó[i]r-eagna an Athar nach Thú?/Cionas meastar gan iúl [linn]?/ 's a bhriathra nach labhra, a Rí?/mór míorbhal do-ní mar sin.)<sup>34</sup>

Sa seachtú agus san ochtú rann filleann an file ar shamhlaoidí paradacsacha arís. Is leanbh é agus cruthaitheoir san am céanna é, is é athair a mháthar féin é (I gcrios ceangail acht cé taoi/gluaise mar ghnaoi ós gach spéir;/déantóir na n-uile is na ndúl/ionadh déanta go húr É!//Athair Tú do mháthair féin;/maighdeanas nír thréig an bhean,/tuaim gan sholas – ionadh mór –/is grian inti gan dul as).<sup>35</sup>

Mar a dúramar sa chéad chuid den pháipéar seo, ba nós le filí na scol bheith ag ionramháil le mórcheisteanna diagachta. Cáineann Ó Háinle an chéad chuid den dán mar go bhfuil cosúlacht idir é agus tionscnamh na mbard. Seo mar atá aige:  
Smál mór amháin atá ar dhánta diaga an dáin dhírigh go bhfuil siad lomlán d'imeartas focal agus de pharadacsáí atá seasc go maith...Tá an chéad leath den dán seo lán den chineál sin cainte.<sup>36</sup>

Is cinnte go bhfuil an cainteoir féin ag éirí míshuaimhneach lena iarracht apastrófach, mar go dtréigeann sé an guth apastrófach ar fad sa naoú rann.<sup>37</sup> Is sa tríú pearsa a thagraítear do Dhia anois. Gluaistear ón gcaint dhíreach le Dia go dtí an machnamh ar bhailbhe an linbh atá fós ina Bhriathar Dé ('Na [s]piorad cé do bhí riamh,/corpo<rdh>a ad-chím mo Dhia anocht/ [as g]ur labhairt damh <is a>m/[Briathar Dé] <mar bhalbh 'na> thocht).<sup>38</sup>

Ansin, briseann an guth apastrófach isteach arís, ach an babhta seo is lena réasún féin atá an cainteoir ag labhairt. Radann sé orduithe lena intealacht ('coisig,' 'glac,' 'srian,' 'druid'), agus iarrann sé ar a chiall srian a chur lena chuid iarrachtaí mar nach féidir teacht ar thuiscint ar Dhia tríd an iomrascáil pharadacsúil. Molann sé dó féin casadh ar an gcreideamh simplí. Sa bhealach sin léiríonn an cainteoir amhras i leith chumas na teanga chun mistéir Dé a thaisceadh (Coisg a réasúin, stad a chiall,/glac an cre[i]diomh, srian do bheol;/ ní thuigfe, is nír thuig-se

<sup>34</sup> Dán na mBr, 155.

<sup>35</sup> Dán na mBr, 155.

<sup>36</sup> Ó Háinle, 1978, 66.

<sup>37</sup> Is fiú a chur san áireamh gur fágadh deich rann ar lár san eagrán den dán a foilsíodh in de Brún, Ó Buachalla, Ó Concheanainn (eag.) 1986: 'toisc go mbainid d'aontas an dáin nó toisc gur deacair ciall a bhaint astu.' (92). Is léir go bhfuil an rann áirithe seo easnamhach sna lámhscríbhinní.

<sup>38</sup> Dán na mBr, 156.

ríamh/dála an leinibh-si acht Dia beo.// Druid do shúile, a nádúr dhall;/t'eolas annso is cam an ród;/creidim gach adubhairt mé;/m'ughdar an Té nár chan gó).<sup>39</sup>

Gníomh creidimh atá sa leathrann deireanach sin. Is léir go bhfuil an cainteoir ag déanamh de réir a chomhairle féin sa mhéid go bhfuil sé ag éirí as an streachailt chráite réasúnaíoch le mistéir Dé. Dearbhaíonn sé gur gá géilleadh don chreideamh agus gur fánach a bheith ag iarraidh friotal intleachtúil a chur ar an Té a éalaíonn ón tuiscint dhaonna sa deireadh thiar. D'fhéadfaí a rá gur ag druidim i dtreo adhradh chiúin Dé atá an cainteoir anseo. Ar ndóigh, tá an casadh ón teanga ar shaintréithe an adhartha dar le go leor diagairí spioradálta. Mar seo atá ag MacQuarrie mar shampla:

Because he who is adored stands at the very limit of being and eludes our full comprehension, the language of adoration comes eventually to an end. The prayer of adoration may often therefore be silent, though this is the silence that lies on the other side of speech, the silence of a fullness which words are inadequate to express. But when words fail, other forms of language come into play. Adoration finds expression in typical gestures – bowing, kneeling, genuflection, even prostration.<sup>40</sup>

Is sa dara leath den dán a thagann an t-adhradh sin chun buaice agus a fheicimid an cainteoir ag iarraidh a chuid ómóis do Dhia a chur in iúl i gcomharthaí cairdis.

### Rann 12-27

Tá an réasún séanta anois ag an bhfile agus mar sin cromann sé ar an dán as an nua (Dia do bheatha, [a] Íosa, arís!/dia do bheatha, i gclí ón óigh!/a ghnúis is áille nó an *ghrian*,/na mílte fáilte do Dhia óg!).<sup>41</sup> Síneann an chéad líne fháilteach siar go líne oscailteach na chéad choda. Cé go bhfuil an paradacs fágtha ar lár tá an guth apastrófach fós le haireachtáil ach anois tá sé mar a bheadh sé i dteagmháil le comhdhuine seachas le Dia. Ní léir aon rian de thranglam na chéad choda. Is léir anois go dtuigeann an cainteoir gur ráiteas grá atá sa phaidir agus nach bhfuil an teagmháil a dhéantar le Dia chomh héagsúil sin ón teagmháil dhaonna.

An fáiltiú curtha i gcrích casann an cainteoir ar an achainí agus iarrann sé cead isteach sa stábla i mBeithil ó Íosa (Uch! dá lamhuin[n] dul isteach/-atú amuigh led chead, a Rí-/le fáilte, do-bhéarainn fós/míle agus míle [p]óg Díbh.//Póg dod bhéil, a Bhráthair gaoil;/póg, a Phápa naomh dod chois;/póg dod láimh ós Tú mo [Rí]:/is duit uile, a Dhia, mo tho[il]).<sup>42</sup> Tá an tnúthán go sonraíoch sna línte sin. Tugann an

<sup>39</sup> Dán na mBr, 156.

<sup>40</sup> MacQuarrie, 1983, 307-308.

<sup>41</sup> Dán na mBr, 156.

<sup>42</sup> Dán na mBr, 156-157.

file le fios dá chomhchainteoir gur mhaith leis a bheith i ngiorracht dó, gur mhaith leis teagmháil chairdiúil fhisiceach a dhéanamh leis. Is ag léiriú ceana agus grá atá an paidreoir. Dar le Pickstock cuireann an gairmeach mian an chainteora a bheith gar don *destinataire* in iúl. Tá an fhoirm agus an t-ábhar ag teacht go hiomlán lena chéile anseo. B'fhéidir go bhfuil an guth sin rómhilis rómhaoitheanach uaireanta ach is cinnte go seasann sé i gcodarsnacht iomlán le teanga na chéad choda thuas. Tá rian mhodh na míúine le feiceáil go soiléir anseo. Mar seo a chuireann Martz síos ar na gníomhartha atá ag teastáil:

Not only are we thus to compose the scene but we are to move onto the stage ourselves: "Take Him, then, into your arms, keep Him there, earnestly look into His face, reverently kiss Him" ...thus the meditations may proceed with full dramatic freedom...When theology is present it is given in simple abstractions, never explored or elaborated...<sup>43</sup>

Le huirísleacht an phaidreora impíonn sé ar Dhia áit i measc na n-ainmhithe sa chró a thabhairt dó, in ainneoin nach fiú é dar leis féin. Ní fiú é ach oiread, i ngeall ar a chuid peacaí, a bheith i gcomhlúadar na n-aoirí, ach tá súil aige go ligfidh Íosa dó teacht ina láthair. Is trí ról umhal na suibiachta impíche a ghlacadh chuige féin a léiríonn an cainteoir a ardmheas urramach os comhair naofacht Íosa sa chuid seo (Ameasg na [n-aoghaire] id dhún/áit trem pheacadh ní dú dhamh;/acht uaidhne ná diúlt[-sa] Uait/ós Tú m'aoghaire – an t-uan clamh).<sup>44</sup>

Iarrtar ar Mhuire, le trí ghairmeach, doras an sciobóil a oscailt ionas go bhfaighidh sé bealach isteach. Is léir go gcreideann an cainteoir go bhfeidhmeoidh Muire mar idirghabhálaí agus go dtabharfaidh sí cead dó a mac a adhradh. An t-am seo measann an cainteoir gur córa dósan ná don damh bheith ag beannú Íosa (A Mhuire, a mháthair, [a] ógh,/osgail dorus an chró dhamh/go n-adhrainn A[i]rdRí na ndúl;/nach córa dhúin ná do dhamh?).<sup>45</sup>

Tréigeann an cainteoir an guth apastrófach ansin agus leanann sé rann ina ngeallann sé go ndéanfaidh sé gníomhartha éagsúla sa chró mar chomhartha ar a ghrá d'Íosa. D'fhéadfaí tréigean na hapastróife a léamh arís mar chruthúnas ar an méid a luamar le MacQuarrie thuas; go mbíonn ar an gcreidmheach éirí as an gcaint dhíreach phaidriúil ar deireadh agus an t-ómós a chur in iúl i gcomharthaí, is é sin go dteipeann ar an teanga agus ar an apastróf an t-adhradh a chur in iúl. Is san aimsir fháistineach agus sa chéad phearsa a thugann sé a fhocail ghealltanais. Tá sé ag iarraidh a bheith páirteach sa suíomh a shamhlaíonn sé, rud a thagann ar ndóigh, leis an modheolaíocht lo gnáideach. Geallann sé go ndéanfaidh sé faire

<sup>43</sup> Martz, 1954, 74-75.

<sup>44</sup> Dán na mBr, 157.

<sup>45</sup> Dán na mBr, 157.

d'Íosa agus go ndéanfaidh sé é a chosaint ó ainmhithe. Déanfaidh sé freastal air; tríd an uisce a tharraingt dó go laethúil, tríd an urlár a scuabadh, a chuid éadaí a ní, agus, tá sé réidh fiú a chuid éadaí féin a thabhairt dó mar dhídean ón bhfuacht má ligeann Muire dó é sin a dhéanamh. Beidh sé ina chócaire agus ina dhoirseoir dó, rachaidh sé ag lorg déirce dó. Réiteoidh sé tine ina anam féin istigh ina onóir. Ní bheidh pá á lorg aige i lógh a chuid oibre ach bheadh sé thar a bheith sásta dá ligfí dó a ghrá a thaispeáint don leanbh sa phóg uair sa lá (Do-ghéan seirbhís do <Dhia> abhos,/faire go moch is go mall;/gadhair na mbuachaill ón tsiabh/buailfead ón Triath atá fann//...Do bhéar uisge liom go moch;/sguabfad urlár bocht Mhic Dé;/do-ghéan teine [im] anum fhuar/'s tréigfead tre dhúthracht mo chorp claon/...ní iarfad airgead ná ór/acht uair san ló póg dom Rígh/-do-bhéar mo chroidhe féin uaim-/'s glacfad é mar l[uach] an Trír).<sup>46</sup>

Sa cheathrú rann is fiche casann an cainteoir ar ais ar an nguth apastrófach ach is iad Naomh Pádraig agus Naomh Bríd atá aige mar chomhchainteoirí anois. Molann sé na naoimh ar dtús agus ansin iarrann sé cabhair orthu (A Phádraic../'s a Bhrighid – bí linn do ghnáth...)<sup>47</sup> Sa rann dar gcionn iarrann sé ar Naomh Pádraig feidhmiú mar idirghuítitheoir ar a shon. Is í an aisce a lorgaíonn sé uaidh ná cead a bheith i láthair Chríost sa stábla faoi chló na péiste. Impí é sin atá lán den umhlaíocht Phroinsiasach arís. Is spéisiúil, sa chomhthéacs sin, go dtugann sé 'bráithrín bocht ó Dhún' air féin. An toradh atá leis an tagairt bheathaisnéiseach sin ná go ndéantar ionannú oscailte idir *persona* an dáin agus an t-údar. Mar léitheoirí braithimid gur ag cúléisteacht le teagmháil phearsanta an údair leis an osnádúr atáimid, seachas ag féachaint ar dhráma ficseanach. D'fhéadfaí an tagairt phearsanta a léamh, freisin, mar chleas teagascach, is é sin go bhfuil an sagartfhill ag cur a chleachtais phaidriúil féin os comhair an lucht éisteachta mar shampla léiritheach (A phátrúin Oiléan na Naomh,/faghaidh grása ó Dhia dhúin:/[mar] chruimh i n-uamhuidh Dé anocht/glacthar bráithrín bocht ó Dhún').<sup>48</sup> Críochnaítear an phaidir dírithe ar an naomphátrún ansin le rann achainíoch ag lorg fuascailte do na bochtáin in Éirinn. Ní ar a shon féin amháin atá sé ag paidreoireacht, ach ar son mhuintir na hÉireann, leis (...-ó tá gan stór ngrás 'nar dtír-/fóireadh 's fileadh ar na boicht...)<sup>49</sup>

<sup>46</sup> Dán na mBr, 157-158.

<sup>47</sup> Dán na mBr, 159.

<sup>48</sup> Dán na mBr, 159.

<sup>49</sup>Dán na mBr, 159. Is díol spéise iad na tagairtí do lorg na déirce sa dán seo mar go bhfuil sonraithe ag Breatnach (2001, 57) go raibh tuairimí láidre ag Mac Aingil i dtaobh lorg na déirce: 'Notwithstanding the vows he professed, Mac Aingil is known to have held strong views on the subject of mendicancy, especially the species of it obtaining among the travelling classes in Ireland, who depended for their livelihood on the liberality of the wealthy. He opposed such traditional customs, seeing them as giving specious respectability to idleness and beggary. He found it difficult to accommodate to the mendicant practices of the friars also, for while Guardian at St. Anthony's he is known to have acquiesced in restrictions imposed by the Belgian church authorities on

Tarraingíonn an rann deireanach snáitheanna difriúla an dáin le chéile. Tá macallaí ón bhfáiltiú oscailteach, ó na paradacsaí a bhí sa chéad leath agus ó mhuintearas séimh an dara leath le léamh anseo (Míle fáilte anocht i gclí/le mo chroidhe dom Rígh fial/in dá nádúir ó do-chuaidh,/póg is fáilte uaim do Dhia!).<sup>50</sup> Ag tús an dara cuid ba é an tnúthán a bhí sa treis agus bhí an cainteoir ag súil go dtabharfaí cead isteach sa stábla dó ionas go bhféadfadh sé póga a bhronnadh ar a Rí. Sa rann deireanach sin tá réiteach éigin bainte amach ag an gcainteoir agus tá an ghné thnúthánach sin ar lár. Seolann sé na póga céanna chuige anois agus déanann sé gairdeas croíuil roimhe. Tá sé mar a bheadh freagra faighte aige ar a phaidir apastrófach.

### **Tátal**

Is léir gur paidirdhán den chéad ghrád é an dán seo, ina nasctar gnéithe d'fhillíocht na mbard agus de nua-chráifeacht an tseachtú haois déag le chéile ann go cumasach. Sa chéad cuid is íomhá de Dhia tarchéimnitheach atá chun tosaigh. Tá léargas soiléir á thairiscint ar chráiteacht an phaidreora a dhéanann iarracht ionchollú Dé a thuiscint. Sa dara leath is é an Naíonán Beannaithe atá os ár gcomhair agus tá an léitheoir ag éisteacht le comhrá muirneach an chainteora a dhéanann ómós do Dhia an Linbh. Tá Dia chomh cóngarach sin sa deireadh go bhfáiltíonn an cainteoir roimhe isteach ina chroí féin. Níl amhras faoi ach go soilsíonn 'Dia do bheatha a naoidhe naoimh' éagsúlacht na teagmhála a dhéanann gach paidreoir le Dia. Cé go ndéanann an dán ceiliúradh ar an teagmháil phaidriúil atá lán de ghliondar na Nollag, aithníonn an dán, san am céanna, gur dlúthchuid, freisin, den teagmháil le Dia í an streachailt thnúthánach apastrófach le mistéir na tarchéimnitheachta.

### **Tagairtí**

Breatnach, P., *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge*, Maigh Nuad: An Sagart, 1998, 142-150.

Breatnach, P., 'The Aesthetics of Bardic Composition: An Analysis of *Fuaras longadh a fhir chumainn* by Feraghal Óg Mac an Bhaire.' *Cambrian Medieval Celtic Studies*, 42 (Winter), 2001, 51-72.

de Brún, P., Ó Buachalla, B., & Ó Concheanainn, T. (eag.) *Nua-Dhuanaire 1*, Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath, 1971.

---

mendicant practices, and in doing so incurred the wrath of his confrères from Ireland, who felt their mission would suffer from lack of funds as a result.'

<sup>50</sup> Dán na mBr, 159.

- Heelan, P. 'Foreward.' *Powers of Imagining: A philosophical hermeneutic of imagining through the collected works of Ignatius de Loyola*, de Nicolas, A. T. (eag.), New York: State University of New York Press, 1986.
- Leerssen, J., *The Contention of the Bards (Iomarbhágh na bhFileadh) and its Place in Irish Political and Literary History*, London: Irish Texts Society, 1994.
- MacQuarrie, J. 'Prayer: Adoration.' *A Dictionary of Christian Spirituality*, Wakefield, G.S. (eag.), London: SCM Press, 1983, 307-308.
- Martz, L. L., *The Poetry of Meditation: A Study in English Religious Literature of the Seventeenth Century*, London: Oxford University Press & New Haven: Yale University Press, 1954.
- McKenna, L. (eag.), 'Introduction.' *Dán Dé: The Poems of Donnchadha Mór Ó Dálaigh, and the Religious Poems in the Duanaire of the Yellow Book of Lecan*, Dublin: The Educational Company of Ireland, 1922, x-xi.
- Mhóg Craith, C. (eag.), *Dán na mBráthar Mionúr*, Cuid I, Baile Átha Cliath: Institiúid Ardleinn Bhaile Átha Cliath, 1967 (noda: *Dán na mBr*).
- Ó Dúshláine, T., *An Eoraip agus Litríocht na Gaeilge 1600-1650*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1987.
- Ó Fiannachta, P., 'Dán agus Diagacht: Aonghus Fionn.' *Léachtaí Cholm Cille XXIV*, 1994, 37-60.
- Ó Háinle, C., *Promhadh Pinn*, Maigh Nuad: An Sagart, 1978.
- Ó Madagáin, 'Págántacht agus Críostaíocht i bhFilíocht na Scoileanna (A.D. 1200-1700).' *An Léann Eaglasta in Éirinn 1200-1900*, Mac Conmara, M. (eag.), Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1988.
- O' Dwyer, P., *Towards a history of Irish Spirituality*, Dublin: Columba Press, 1995.
- Pickstock, C., *After Writing: On the Liturgical Consummation of Philosophy*, Oxford: Basil Blackwell, 1998.
- Rohrbach, P.T., *Conversation With Christ: The Teachings of St. Teresa of Avila about Personal Prayer*, Dublin: Four Courts Press, 1980.

Saliers, D.E., 'Religious Affections and The Grammar of Prayer.' *The Grammar of the Heart: New Essays in Moral Philosophy and Theology*, Bell, R. H. (eag.), San Francisco: Harper Row, 1988, 188-206.

Simms, K., 'An Eaglais agus Filí na Scol.' *Léachtaí Cholm Cille*, XXIV, 1994, 21-36.

Simms, K., 'Bardic poetry as a historical source.' *The Writer as Witness: Literature as Historical Evidence*, Dunne, T., (eag.), Cork: Cork University Press, 1987, 58-75.

Williams, J.E.C., & Ní Mhuiríosa, M., *Traidisiún Liteartha na nGael*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1979.